AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SCIENCE

*Scéimeanna Marcála* — *Scrúduithe Ardteistiméireachta, 2001*

*Gaeilge* — *Bonnleibhéal*

*Marking Scheme* — *Leaving Certificate Examination, 2001*

*Irish* — *Foundation Level*

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL) – SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2001**
**SCÉIM MHARCÁLA**

**CLUASTUISCINT (180 MARC)**

**COMHAIRLE SPEISIALTA FAOI NA TICEANNA**

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ceist 1** | (a) | Post mar chócaire = an ceathrú pictiúr. | ... | 7 marc ) | **= 14 marc** |
| | (b) | i mBaile Átha Cliath. | ... | 7 marc ) | |
| **Ceist 2** | (a) | Monarcha gluaisteáin = an dara pictiúr. | ... | 7 marc ) | **= 14 marc** |
| | (b) | Dhá chéad punt. | ... | 7 marc ) | |
| **Ceist 3** | (a) | Taispeántas ealaíne = an tríú pictiúr. | ... | 7 marc ) | **= 14 marc** |
| | (b) | Péintéir. | ... | 7 marc ) | |
| **Ceist 4** | | Siopa rothar = an chéad phictiúr. | ... | 7 marc ) | **= 7 marc** |
| **Ceist 5** | | An bosca ag an mbarr ar chlé. | ... | 7 marc ) | **= 7 marc** |
| **Ceist 6** | (a) | Báisteach = an tríú pictiúr. | ... | 8 marc ) | **= 16 marc** |
| | (b) | An lucht féachana. | ... | 8 marc ) | |
| **Ceist 7** | (a) | Tráth na gCeisteanna = an dara pictiúr. | ... | 8 marc ) | **= 16 marc** |
| | (b) | Céad punt. | ... | 8 marc ) | |
| **Ceist 8** | (a) | Oscailt sladmhargaidh = an tríú pictiúr. | ... | 8 marc ) | **= 16 marc** |
| | (b) | Kian. | ... | 8 marc ) | |
| **Ceist 9** | (a) | Ceol na hÉireann = an dara pictiúr. | ... | 8 marc ) | **= 16 marc** |
| | (b) | sa Nua Shéalainn. | ... | 8 marc ) | |
| **Ceist 10** | (a) | Sa bhialann nua. | ... | 10 marc ) | **= 20 marc** |
| | (b) | Bhí an t-airgead go dona. | ... | 10 marc ) | |
| **Ceist 11** | (a) | a chos. | ... | 10 marc ) | **= 20 marc** |
| | (b) | chuig damhsa. | ... | 10 marc ) | |
| **Ceist 12** | (a) | Dearg. | ... | 10 marc ) | **= 20 marc** |
| | (b) | Abhaile. | ... | 10 marc ) | |

(NÓTA: Sa chás fíorannamh go bhféadfaí a rá go bhféadfadh an dara pictiúr a bheith ceart, tabharfar creidiúint don fhreagra sin.)

/...

# ROINN 1 – LÉAMHTHUISCINT (150 MARC)

## COMHAIRLE SPEISIALTA FAOI NA TICEANNA

**Ceist 1** 40 Marc Meaitseáil

| | |
|---|---|
| 1 | C |
| 2 | F |
| 3 | G |
| 4 | H |
| 5 | B |
| 6 | I |
| 7 | A |
| 8 | J |
| 9 | E |
| 10 | D |

10 x 4 marc ... **40 marc**

**Ceist 2** **50 Marc** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos.

(a) Litir

1. I mBaile Locha Riach ... 5 marc )
2. Mí Aibreáin ... 5 marc )
3. Cúnamh breise ... 5 marc ) = **25 marc**
4. Gaeilge mhaith ... 5 marc )
5. An ardteistiméireacht ... 5 marc )

(b) Fógra

1. sa Daingean ... 5 marc )
2. don chlann ar fad ... 5 marc )
3. na leanaí ... 5 marc ) = **25 marc**
4. san fharraige ... 5 marc )
5. An Béal Bocht ... 5 marc )

(c) Sliocht

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. Cúigear | ... | 5 marc ) | |
| 2. aon bhliain déag d'aois | ... | 5 marc ) | |
| 3. 1966 | ... | 5 marc ) | = **25 marc** |
| 4. "Paddy on the Road" | ... | 5 marc ) | |
| 5. scéal a shaoil | ... | 5 marc ) | |

Léiriú na marcanna 25 + 25 = 50

===

**Ceist 3** **60 Marc** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos.

(a) Alt

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (1) | Éire | ... | 6 marc ) | |
| (2) | *"Ghortaigh sí a droim"* | ... | 6 marc ) | |
| (3) | an lúthchleasaíocht | ... | 6 marc ) | = **30 marc** |
| (4) | 1997 | ... | 6 marc ) | |
| (5) | le Bardas an Chabháin | ... | 6 marc ) | |

(b) Giota

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (1) | ocras | ... | 6 marc ) | |
| (2) | don naíonán | ... | 6 marc ) | |
| (3) | *"ní raibh cáin le bailiú ná rátaí le díol"* | | 6 marc ) | = **30 marc** |
| (4) | leis an mbás | ... | 6 marc ) | |
| (5) | leisce | ... | 6 marc ) | |

(c) An Dán

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| (1) | cairéid agus oinniúin | ... | 6 marc ) | |
| (2) | comhaireann sí iad (/ceanglaíonn) | ... | 6 marc ) | |
| (3) | ar na málaí móra | ... | 6 marc ) | = **30 marc** |
| (4) | *Gan an mála a cheangail* | ... | 6 marc ) | |
| (5) | scaoileann sé na snaidhmeanna | ... | 6 marc ) | |

Léiriú na marcanna 30 + 30 = 60

===

## ROINN 11 – SCRÍOBH NA TEANGA (120 MARC)

Comhairle speisialta faoi chumas, faoi chumarsáid, faoi chruinneas Gaeilge, faoi ábhar nach bhfuil "*ad rem*" agus faoi ábhar neamhghnách.

Ceist 4 — 30 Marc — Freagair (a) **NÓ** (b)

(a) Fógra

Cumas Cumarsáide = 22 marc )
Cruinneas Gaeilge = 8 marc ) **= 30 marc**

(b) Cuireadh

Cumas Cumarsáide = 22 marc )
Cruinneas Gaeilge = 8 marc ) **= 30 marc**

Ceist 5 — 40 Marc — Freagair (a) **NÓ** (b)

(a) Litir

Cumas Cumarsáide = 30 marc )
Cruinneas Gaeilge = 10 marc ) **= 40 marc**

(b) Foirm Iarratais

Cumas Cumarsáide = 30 marc )
Cruinneas Gaeilge = 10 marc ) **= 40 marc**

Ceist 6 — 50 Marc — Freagair (a) **NÓ** (b)

(a) Cuntas

Cumas Cumarsáide = 37 marc )
Cruinneas Gaeilge = 13 marc ) **= 50 marc**

(b) Eachtra

Cumas Cumarsáide = 37 marc )
Cruinneas Gaeilge = 13 marc ) **= 50 marc**

# FORLEATHNÚ AR AN SCÉIM MHARCÁLA DON A.T.B.L.

**AN CHLUASTUISCINT AGUS AN LÉAMHTHUISCINT**

COMHAIRLE SPEISIALTA FAOI NA TICEANNA

***Is Cuma faoin gcóras nodaireachta a úsáideann an t-iarrthóir, má tá sé soiléir go bhfuil rogha amháin déanta ag an iarrthóir, marcáil an rogha sin.***

## SCRÍOBH NA TEANGA

**N.B.** **Ní ceartú atá ar siúl againn ach measúnú agus marcáil.**

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal:

- *Cumas Cumarsáide*
- *Cruinneas Gaeilge*

*Cumas* An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

*Cumarsáid* Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht, smaointe nó nuacht an iarrthóra a thuiscint.

*Cumas Cumarsáide*:

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáideach a tugadh dó/di a chomhlíonadh

*Cruinneas Gaeilge*

(i) Dul na Gaeilge – struchtúir na Gaeilge – cruinneas gramadaí;
(ii) Foclóir – cruinneas foclóra
(iii) Litriú – cé go mbeadh sé seo san áireamh moltar gan an iomarca béime a chur ar an ngné seo ag an leibhéal seo.

Ábhar nach bhfuil "*ad rem*":

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí faoi seo i gcás gach fo-cheiste.

Ábhar neamhghnách:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**N.B.** **Ná glac le Béarla.**

**Ceist 4:**

(a) Tasc Fógra a scríobh bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide** **= 22 marc**

(i) Leagan amach … 1 marc

- *iarracht ar fhógra =1*

(ii) Treoracha … 21 marc

*Marcanna:*

- *P1 = 3+3 =6*
- *P2 = 3+2+2+2 =9*
- *P3 = 3 =3*
- *P4 = 3 =3*

**Cruinneas Gaeilge** **= 8 marc**

(b) Tasc Cuireadh a scríobh bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide** **= 22 marc**

(i) Leagan amach … 4 marc

- *Beannú oiriúnach = 2*
- *Iarracht ar chuireadh = 1*
- *Síniú oiriúnach = 1*

(ii) Treoracha … 18 marc

*Marcanna:*

- *P1 = 2+2+2+2+2+2 =12*
- *P2 = 2 = 2*
- *P3 = 2 = 2*
- *P4 = 2 = 2*

**Cruinneas Gaeilge** **= 8 marc**

**Ceist 5:**

(a) Tasc: Litir a scríobh chuig cara bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

**Cumas Cumarsáide** **= 30 marc**

(i) Leagan amach ... 6 marc

- *Seoladh = 2*
- *Dáta = 1*
- *Tús = 1*
- *Críoch = 2*

(ii) Treoracha ... 24 marc

- *Pic.1 = 2+2 =4*
- *Pic 2 = 4+4 =8*
- *Pic 3 = 4+4 =8*
- *Pic 4 = 2+2 =4*

**Cruinneas Gaeilge** **= 10 marc**

(b) Tasc: Foirm iarrtais a líonadh a bhfuil *"ceisteanna"* le freagairt agus *"alt beag"* a bhaineann go dlúth leis an bhfoirm iarratais a scríobh inti.

**Cumas Cumarsáide** **= 30 marc**

| (i) | | An Córas Marcála |
|---|---|---|
| *Uimhir theileafóin* | *½ marc* | 1 marc |
| *Seoladh* | *2 marc* | 4 marc |
| *Aois* | *½ marc* | 1 marc |
| *Dáta Breithe* | *1 marc* | 2 marc |
| *Bliain an T.S.* | *½ marc* | 1 marc |
| *Trí Ábhar Scoile* | *3 marc* | 6 marc |
| *An bhfuil ceadúnas tiomána agat?* | *½ marc* | 1 marc |
| *An bhfuil do charr féin agat?* | *½ marc* | 1 marc |
| *An raibh tú ag obair i ngaráiste?* | *½ marc* | 1 marc |
| *An mbeadh tú sásta/ ranganna oíche* | *1 marc* | 2 marc |
| *An dtuigeann tú/inneall gluaisteáin* | *1 marc* | 2 marc |
| *Ciorcal timpeall ar an dáta* | *½ marc* | 1 marc |
| *Trí spórt a thaitníonn leat* | *3 marc* | 6 marc |
| *Dáta* | *½ marc* | 1 marc |
| | ===== | ===== |
| ... | *15 marc* | 30 ÷ 2 = *15* |

**N.B.: Ná bíodh ½ marc le feiceáil in aon áit. (m.sh. 21 ÷ 2 = 11 marc)**

(ii)

An t-Alt Beag. Thart ar 40 focal ag teastáil. Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí **den mharc bronnta** (m.sh. mura bhfuil ann ach 20 focal, déanfar an t-alt a mharcáil as 15 agus bainfear 50% den mharc bronnta).

*... 15 marc*

**Cruinneas Gaeilge** **= 10 marc**

**Ceist 6**

(a) Tasc: Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh don 'Nuachtlitir Áitiúil' bunaithe ar an bpictiúr.

**Cumas Cumarsáide** **= 37 marc**

(i) Tá timpeall 90 focal ag teastáil. Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor bainfear céatadán cuí **den mharc bronnta** (m.sh. mura bhfuil ann ach 45 focal, déanfar an t-alt a mharcáil as 37 marc agus timpeall 50% a bhaint den mharc bronnta).

(ii) Níor mhór cúig thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na h-ócáide.

(iii) Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.

(iv) 10% den mharc bronnta a bhaint muna bhfuil ann ach liosta.

(v) Ná glac le Béarla

**Cruinneas Gaeilge** **= 13 marc**

(b) Tasc: Scríobh faoi Eachtra a tharla ar an mbealach go dtí an linn snámha.

**Cumas Cumarsáide** **= 37 marc**

(i) Baineann a bhfuil ráite i gcás 6(a) (i), (ii), (iii),(iv) agus (v) le 6(b) chomh maith.

(ii) Bheadh tagairt do gach aon phictiúr tábhachtach le go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra.

**Cruinneas Gaeilge** **= 13 marc**

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA

DHÁ MHÍLE AGUS A hAON

GAEILGE – GNÁTHLEIBHÉAL AGUS ARDLEIBHÉAL

TRIAIL CHLUASTUISCEANA

Mairfidh an triail seo tuairim is daichead nóiméad. Tá trí chuid sa triail- Cuid A, Cuid B agus Cuid C. Tá na treoracha speisialta agus na ceisteanna, a ghabhann le gach ceann de na trí chuid sin, clóbhuailte ar do scrúdpháipéar.

## CUID A

Léigh anois go cúramach, ar do scrúdpháipéar, na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid A.

### FÓGRA A hAon (M)

Seo fógra ó TG 4. Beidh an clár teilifíse, "Nócha Soicind", ar siúl oíche Dé Céadaoin seo chugainn, ag tosnú ar a seacht a' chlog. Is é Tomás Ó Brannagáin a chuirfidh an clár seo i láthair. Triúr iarrthóirí a bheidh ag freagairt na gceisteanna gach oíche. An phríomhdhuais atá le buachan ná, saoire coicíse a chaitheamh in áit álainn thar lear. Más spéis leat a bheith páirteach sa chlár seo, níor mhór glaoch ar léiritheoir an chláir ag 01-234765.

[78]

### FÓGRA A DÓ (C)

An bhfuil suim agat i bpost mar Leabharlannaí? Má tá, cuir foirm iarratais chugamsa, An Príomh-Leabharlannaí, Comhairle Chontae na Gaillimhe, roimh an séú lá de Mheitheamh. Caithfidh Teastas Ollscoile sa Leabharlannaíocht, taithí shásúil ag obair i Leabharlann, agus ardchaighdeán Gaeilge a bheith agat. Beidh tú ag obair i nGaillimh an chéad bhliain áit a gcuirfear traenáil chuimsitheach ar fáil. Ina dhiaidh sin, beidh tú ag obair i gceithre cinn de na Leabharlanna atá i nGaeltacht Chonamara. Fiche míle punt an tuarastal atá i gceist.

[84]

### FÓGRA A TRÍ (U)

Osclóidh an tAire Turasóireachta agus Spóirt, Ionad nua Spóirt i Leitir Ceanainn amárach. Tógadh an tIonad seo le cabhair airgid ó Chomhairle Spóirt na hÉireann, ón gCrannchur Náisiúnta agus ó Údarás na Gaeltachta. Chosain an foirgneamh trí mhilliún punt. Dúirt urlabhraí ón Ionad go bhfuil siad ag súil go mbainfidh muintir Dhún na nGall úsáid an-mhaith as na háiseanna ann. Caoga punt sa bhliain an táille a íocfaidh daoine fásta ach ní bheidh tada le híoc ag daltaí scoile.

[80]

## CUID B

Léigh anois go cúramach, ar do scrúdpháipéar, na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid B.

### COMHRÁ A hAON (M)

| | |
|---|---|
| Pádraig: | A Eibhlín, an bhfuil post samhraidh faighte fós agat? |
| Eibhlín: | Tá, a Phádraig. Táim ag obair in Ospidéal Naomh Séamus i gCorcaigh. |
| Pádraig: | Cad a bhíonn ar siúl agat ansin? |
| Eibhlín: | Bím ag freastal ar na hothair atá an-sean agus an-tinn sna bardaí ar an tríú urlár. |
| Pádraig: | Uch! Conas a thaitníonn sé sin leat? |
| Eibhlín: | Ó! Is breá liom é. Táim chun cúrsa leighis a dhéanamh i gColáiste na Tríonóide tar éis na hArdteistiméireachta mar ba mhaith liom a bheith i mo dhochtúir. |
| Pádraig: | Ó! go maith! |
| Eibhlín: | Agus, tá taithí iontach á fáil agam ar obair dochtúra san ospidéal seo. [96] |

*******

| | |
|---|---|
| Pádraig: | Ag obair le Raidió an Daingin atáim féin! |
| Eibhlín: | Wow! Conas a d'éirigh leat é sin a fháil? |
| Pádraig: | Tá m'aintín ina cathaoirleach ar Bhord Bainistíochta an stáisiúin raidió agus is dócha gur chabhraigh sí sin liom! |
| Eibhlín: | Bí cinnte de! Cad a bhíonn ar siúl agat ann? |
| Pádraig: | Ag obair i Seomra na Nuachta a bhím. Bíonn orm an nuacht áitiúil a bhailiú i dtosach, í a aistriú go Gaolainn ansin agus ina dhiaidh sin, í a chlóscríobh don léitheoir nuachta. |

[77]
[=173]

## COMHRÁ A DÓ (C)

Síle: Haló! Síle anseo, an tOifigeach Caidrimh Poiblí.

Breandán: Breandán Ó Sé anseo. Tá mé ag iarraidh labhairt le Pól Ó Gallchóir, Ceannasaí TG 4. Go beo!

Síle: Ní féidir! Tá sé ag cruinniú i nGaillimh faoi láthair.

Breandán: Is cuma liom!

Síle: Tá aiféala orm ach tá cruinniú práinneach aige leis an Aire faoi chúrsaí airgeadais agus ní féidir cur isteach air. An féidir liomsa cabhrú leat?

Breandán: Is mian liom gearán a dhéanamh leis faoin gclár brocach, salach sin 'Ros na Rún' a bhí ar siúl tráthnóna inniu. [92]

***********

Síle: Ros na Rún?

Breandán: Bhí mé féin agus mo mhac, Seán, ag féachaint air. Anois, níl Seán ach seacht mbliana déag agus is dalta Ardteistiméireachta é i gColáiste Mhuire. Bhí orm an teilifís a mhúchadh sa gcaoi nach bhfeicfeadh sé a leithéid de shalachar!

Síle: Cén salachar?

Breandán: Nach bhfaca tú na rudaí uafásacha a bhí ar siúl ag an mbeirt sin tráthnóna?

Síle: Ní fhaca mise aon salachar air!

Breandán: Ah! Mar a chéile ar fad sibh. Maidin amárach tá mise chun litir a scríobh chuig an Aire, Síle de Valera. Sin í an cailín a chuirfidh deireadh leis an salachar seo. Slán! [100]
[=192]

## COMHRÁ A TRÍ (U)

| | |
|---|---|
| Eoghan: | A Nóra, ar chuala tú go bhfuil Brian Ó Domhnaill san ospidéal i Sligeach? |
| Nóra: | Ó! A Eoghain, níor chuala. Goidé atá air? |
| Eoghan: | Tá a chloigeann gortaithe go han-dona agus tá a chos briste i dtrí áit! |
| Nóra: | Agus goidé mar a tharla sé sin dó? |
| Eoghan: | Bhí timpiste ghluaisteáin aréir aige ar an bhóthar go Gaoth Dobhair. |
| Nóra: | Dúirt m'athair go raibh an bóthar an-dainséarach aréir. |
| Eoghan | Is cosúil go raibh Brian ag tiomáint an-ghasta timpeall ar choirnéal. Bhí leac oighir ar an phíosa sin den bhóthar agus ní raibh sé ábalta an gluaisteán a stiúradh dá bharr agus bhuail sé faoi chlaí ard. [100] |

********************

| | |
|---|---|
| Nóra: | Ní bheidh sé ábalta dul go dtí Ollscoil Bhaile Átha Cliath mar sin chun cúrsa innealtóireachta a dhéanamh. |
| Eoghan: | Huh! Dúirt na dochtúirí go dtógfaidh sé dhá bhliain ar a laghad sula mbeidh sé ábalta staidéar a dhéanamh. |
| Nóra: | Ó! An créatúr bocht! |
| Eoghan: | Ach tá an scéal níos measa ná sin! Dúradh go raibh sé ar meisce agus é ag tiomáint agus tá na Gardaí ag iarraidh labhairt leis faoi na taibléidí 'Ecstasy' a bhí sa charr aige. [76] |

[=176]

## CUID C

Léigh anois go cúramach, ar do scrúdpháipéar, na treoracha agus na ceisteanna a ghabhann le Cuid C.

### PÍOSA A hAON (M)

Ócáid speisialta a bhí i gColáiste na nGardaí Síochána sa Teampall Mór aréir nuair a bhronn an eagraíocht stáit, Foras na Gaeilge, duais ar an nGarda Niamh Nic Thaidhg. Bronnadh bonn airgid agus scoláireacht i gceantar Gaeltachta uirthi. Bronnadh iad seo uirthi mar gurb í Niamh an scoláire is mó a léirigh suim sa Ghaeilge le linn chúrsa oiliúna na nGardaí. As an Muileann gCearr di ó dhúchas ach tá sí ag obair mar Gharda sa stáisiún Gardaí i gCluain Meala faoi láthair. [84]

### PÍOSA A DÓ (C)

Tá taispeántas ealaíne ar siúl in Óstán Bhá Charna faoi láthair. Caoga pictiúr atá ar taispeáint ann a rinne na mná atá ag freastal ar Scoil Ealaíne Charna. Dhá bhliain ó shin chuir daoine as ceantar Charna a raibh spéis acu tabhairt faoin bpéintéireacht Scoil Ealaíne Charna ar bun. Eagraíonn an scoil cúrsaí péintéireachta i rith na bliana agus is é an t-ealaíontóir cáiliúil, Cathal Ó Máille, atá i mbun teagaisc. Radharcanna tíre agus nósanna beatha Ghaeltacht Chonamara na téamaí is mó atá sna pictiúir. [85]

### PÍOSA A TRÍ (U)

Sheol an t-iriseoir, Eoghan Mac Aodha, iris nua faisin i mBaile Átha Cliath aréir. Díríonn an iris seo ar na héadaí faiseanta a chaitheann mná na hÉireann agus ar chúrsaí áilleachta. Tá altanna breátha inti a bhaineann le faisean na bhfear fosta. Céad caoga leathanach atá san iris agus grianghrafanna, atá ar chaighdeán an-ard, ar gach leathanach díobh. Taitneoidh na haltanna faoi réaltaí scannáin agus teilifíse go mór le daoine óga. Táthar ag súil go mbeidh níos mó le feiceáil faoin tionscal dúchasach faisin sa chéad eagrán eile. [89]

*********

Sin deireadh na trialach. Slán!

********